Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5496/21**

**SOC 27**
**EMPL 18**
**SAN 26**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), don tSualainn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, don tSualainn.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de

Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94[1] ón gComhairle, agus go háirithe maidir le hAirteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 6 Meitheamh 2019[3] agus an 8 Iúil 2019[4], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán mar chomhalta malartach i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Victoria DIPPEL as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Sualainne don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
[2] IO C 135, 11.4.2019, lch. 7.
[3] IO C 195, 11.6.2019, lch. 4.
[4] IO C 232, 10.7.2019, lch. 4.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Viktoria BERGSTRÖM ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Victoria DIPPEL, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán